Smaointe le Foghlaim a Nascadh (SFN)

Curaclam Thuaisceart Éireann

Eochairchéim 1 **Blianta 3 & 4**

Is Maith Linn an Scoil

Na hEalaíona

- monaiphriontáil
- líníochtaí breathnadóireachta d'fhoirgnimh
- rainn agus cluichí clóis
- fuaimscéalta
- fuaimeanna ar scoil
- rainn chlóis
- drámaíocht

Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

- róil agus freagrachtaí
- cairdeas
- tromaíocht
- rialacha
- cóid iompraíochta
- coimhlintí a réiteach

An Domhan Thart Orainn

- athrú thar am
- suíomh
- idirspleáchas

Corpoideachas

- sláinte agus gníomhaíocht choirp
- cluichí clóis
- sealaíocht, comhroinnt agus comhoibriú

fócas

Forbróidh páistí braistint féiniúlachta agus aithneoidh siad gur gné thábhachtach dá saol í an scoil. Beidh siad eolach ar ghnéithe éagsúla de shaol na scoile, san am i láthair agus san am a chuaigh thart.



Clár

Is é atá sa leabhrán SFN seo:

Cuspóirí agus Gníomhaíochtaí Molta Foghlama le haghaidh na réimsí seo a leanas:

- Na hEalaíona 3
- Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint 7
- An Domhan Thart Orainn 11
- Corpoideachas 19

Cur le Forbairt Scileanna:

- Cumarsáid 21
- Úsáid na Matamaitice 21
- Úsáid TFC 21
- Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta 22

Áiseanna Molta 23



fócas

Forbróidh páistí braistint féiniúlachta agus aithneoidh siad gur gné thábhachtach dá saol í an scoil. Beidh siad eolach ar ghnéithe éagsúla de shaol na scoile, san am i láthair agus san am a chuaigh thart.

Na hEalaíona

- monaiphriontáil
- líníochtaí breathnadóireachta d'fhoirgnimh
- rainn agus cluichí clóis
- fuaimscéalta
- fuaimeanna ar scoil
- rainn chlóis
- drámaíocht

Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

An Domhan Thart Orainn

Corpoideachas

Cén Chuma atá ar Scoileanna Éagsúla?

Cuspóirí Molta Foghlama

- A bheith ábalta freagairt d'ábhair thagartha agus d'áiseanna.
- Smaointe agus cuspóirí a chur i ngníomh trí líníochtaí a dhéanamh.
- Tosú ar roinnt gnéithe amhairc a thuiscint agus a úsáid le smaointe a chur in iúl.
- A bheith ábalta teicnící monaiphriontála a úsáid.

Gníomhaíochtaí Molta

Grianghraif de scoileanna seanaimseartha agus nua-aimseartha a bhailiú. Na gnéithe ailtireachta a phlé, mar shampla, an tsiméadracht, cruthanna matamaiticiúla na bhfuinneog, na doirse, an chlochadóireacht mhaisiúil, an phláistéireacht agus an tíleadóireacht. Plé a dhéanamh ar dhóigheanna leis na grianghraif a shórtáil.

Gné shuimiúil d'fhoirgneamh na scoile a roghnú agus a tharraingt le peann luaidhe. Grianghraif dhigiteacha a ghlacadh le cuidiú leo an líníocht a dhéanamh. Patrún, uigeacht agus rud ar bith suntasach ar an dromchla a thaifeadadh de réir mar is cuí. Triail a bhaint as an mhéid brú a chuirtear ar an pheann luaidhe a athrú le marcanna éadroma agus troma a dhéanamh. An saothar críochnaithe a chur i láthair an ranga. Plé a dhéanamh ar na héifeachtaí éagsúla a cruthaíodh tríd an mhéid brú a cuireadh ar an pheann luaidhe a athrú, agus machnamh a dhéanamh ar na rudaí ar éirigh leo a chur i gcrích go maith.

Líníochtaí breathnadóireachta a úsáid mar áis thagartha le réimse íomhánna priontáilte den scoil a chruthú trí mhonaiphriontáil shimplí a dhéanamh.



Cad iad na Fuaimeanna atá le Cluinstin ar Scoil?

Cuspóirí Molta Foghlama

- A bheith ábalta éisteacht le fuaimeanna agus freagairt dóibh.
- Fuaimeanna a thaifeadadh ar dhóigheanna éagsúla.
- A bheith ábalta freagairt do cheol a chum siad féin agus do cheol a chum daoine eile.
- Amhráin shimplí a rá.

Gníomhaíochtaí Molta

Éisteacht le fuaimeanna a bhíonn le cluinstin sa seomra ranga agus iad a shainaithint, agus a súile druidte acu. Aithris a dhéanamh ar na fuaimeanna ó bhéal nó trí chnaguirlisí neamhthiúnta a úsáid.

Fuaimeanna a fhiosrú agus a thaifeadadh in áiteanna éagsúla thart faoin scoil. Áit ar leith sa scoil a roghnú, ina ngrúpaí, agus na fuaimeanna éagsúla a bhíonn le cluinstin ann a shainaithint. Ceol a chumadh i bhfoirm fuaimphictiúir ina ndéanfar gach píosa fuaime a chur in iúl le siombailí agus a thaifeadadh mar scór. Na píosaí ceoil a sheinm agus na fuaimeanna a thaifeadadh ar bhogearraí TFC amhail 'Compose World Junior'. Plé a dhéanamh ar shaothar gach grúpa agus dóigheanna ina bhféadfaí an saothar a fheabhsú a mholadh, más féidir. Píosaí ceoil a chumadh bunaithe ar áiteanna eile nó ar imeachtaí an lae, mar shampla, 'An Turas ar Scoil', nó 'Gnáthlá Scoile'.

Ransú smaointe a dhéanamh ar chluichí agus rainn chlóis, mar shampla, rainn bualadh bos agus scipeála m.sh. Neansaí Nóinín agus An Sionnach Slítheánta. Cluiche a roghnú ina ngrúpaí agus an t-amhrán a théann leis a rá, ag déanamh cinnte de go bhfuil an tiún agus na focail ar eolas ag gach duine. An cluiche a imirt agus an t-amhrán a rá os comhair an ranga.

Mar obair bhaile sa Bhéarla nó sa Ghaeilge: Rainn agus cluichí traidisiúnta clóis a fhiosrú agus a thaifeadadh sa bhaile. Na rainn agus na cluichí seo a chur i láthair ar scoil agus a theagasc don chuid eile den rang.



Cén Dóigh a nDéanaimid Cumarsáid ar Scoil?

Cuspóirí Molta Foghlama

- A bheith ábalta treoracha soiléire a thabhairt agus a leanúint.
- Cineálacha éagsúla beannachtaí a fhiosrú.
- An dóigh a mbíonn scéalta struchtúrtha a aithint.
- Smaointe, mothúcháin agus tuairimí a chur in iúl go samhlaíoch.

Gníomhaíochtaí Molta

Fuaimeanna, rithimí agus gothaí éagsúla a fhiosrú agus téarmaíocht a threisiú ag am ciorcail agus ainmneacha na ndaltaí sa rang in úsáid acu, mar shampla, 'Síle Spraíúil' nó 'Fearghal Feargach' a athrá agus na gothaí cuí orthu. Triail a bhaint as rithim boise nó fuaim láimhe a chur thart. Gothaí agus dreacha éagsúla a thriail, mar shampla, fearg – dorn druidte, iontas – a lámh lena n-aghaidh.

Plé a dhéanamh ar an tábhacht atá le treoracha soiléire a thabhairt agus a leanúint ar scoil. Cluichí drámaíochta a imirt atá bunaithe ar threoracha soiléire a thabhairt agus a leanúint, mar shampla 'Deir Ó Grádaigh', 'Ship to Shore', 'Grandmother', 'Footsteps' nó 'Fruit Bowl'. Dráma balbh a dhéanamh ina bpéirí a thaispeánann na dóigheanna éagsúla a mbeannaíonn daoine dá chéile, mar shampla, múinteoirí agus tuismitheoirí ag croitheadh lámh le chéile nó beirt chairde ag breith barróige ar a chéile. Smaoineamh ar na dóigheanna a mbeannaíonn daoine i gcultúir eile dá chéile. Beannachtaí labhartha a fhorbairt, smaoineamh ar roinnt rudaí a d'fhéadfaí a rá agus an ceann is fearr a roghnú.

Daoine samhailteacha a chur ar an 'suíochán te' agus ceisteanna fóirsteanacha a ullmhú lena gcur orthu. B'fhéidir go mbeadh popcheoltóir/aisteoir/imreoir spóirt nó carachtar cartúin ina measc. Na hagallaimh a scannánú.

Plé a dhéanamh ar a bhfuil i gceist le scéal maith, mar shampla, carachtair, struchtúr agus plota. Roinnt scéalta aithnidiúla a fhiosrú ina ngrúpaí agus aontú ar cé acu scéal a dhéanfaidh siad a struchtúrú mar **Fhráma Reoite***, le príomhghnéithe an scéil a léiriú. Feistis agus frapaí bunúsacha a chur leis na Frámaí Reoite más féidir, agus maisíochtaí, amhail bolgáin chainte, fuaim nó teidil a chur leo chomh maith.

* féach *Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc*





fócas

Forbróidh páistí braistint féiniúlachta agus aithneoidh siad gur gné thábhachtach dá saol í an scoil. Beidh siad eolach ar ghnéithe éagsúla de shaol na scoile, san am i láthair agus san am a chuaigh thart.

Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

- róil agus freagrachtaí
- cairdeas
- tromaíocht
- rialacha
- cóid iompraíochta
- coimhlintí a réiteach

Na hEalaíona

An Domhan Thart Orainn

Corpoideachas

Ní Bheidh Mo Leithéid Arís Ann

Cuspóirí Molta Foghlama

- Láidreachtaí, ábaltachtaí agus tréithe pearsanta a shainaithint.
- Cosúlachtaí agus éagsúlachtaí idir daoine a aithint.
- An tionchar a bhíonn ag réimse mothúchán agus braistintí a aithint.

Gníomhaíochtaí Molta

Am ciorcail a úsáid leis na rudaí atá i gcoiteann ag na páistí sa rang a shainaithint, mar shampla, cathaoireacha a mhalartú má tá súile gorma acu, más é an dath gorm an dath is fearr leo, más daltaí R3 iad srl. Rud éigin speisialta nó uathúil fúthu a phlé, mar shampla, 'Tá mise speisialta mar rugadh san Afraic Theas mé', 'Tá madadh agam darb ainm Rua' nó 'Seinnim an fhidil agus an giotár'.

Na ráitis seo a leanas a úsáid i suirbhé ranga:
- 'Tá mé maith ag...';
- 'Is maith liom a bheith...';
- 'Ní maith liom...';
- 'Tá mé i ndiaidh feabhas a chur ar...'; agus
- 'Ba mhaith liom ... a fhoghlaim'.

Bogearra TFC amhail 'Pick a Picture' nó 'Starting Graph' a úsáid le heolas a thaifeadadh agus a chur i láthair i bhformáid chuí. Cosúlachtaí agus éagsúlachtaí idir na páistí sa rang a shainaithint.

Léigh an scéal 'Maighréad agus an Foghlaí Mara'. Déan plé ar mhothúcháin na gcarachtar sa scéal. Cad chuige nach raibh na páistí eile deas le Maighréad? Bain úsáid as an scéim 'Suas Linn' le cosúlachtaí agus éagsúlachtaí a fhiosrú idir na páistí, agus an luach a bhaineann le cosúlacht agus éagsúlacht i ndaoine.

Míreanna Mearaí

Cuspóirí Molta Foghlama

- Baill de phobal na scoile a shainaithint.
- An t-idirspleáchas i measc bhaill phobal na scoile a aithint.
- Tuiscint a bheith acu ar cad chuige agus cén dóigh a ndéantar rialacha.
- Dóigheanna a aimsiú le coimhlint a laghdú, a sheachaint nó a réiteach.
- Cuid de na rudaí a mbíonn tionchar dearfach acu ar mhothúcháin daoine eile aithint.

Gníomhaíochtaí Molta

Tomhas mór míreanna mearaí a dhéanamh den scoil agus gach cuid de phobal na scoile a léiriú air. Smaoineamh ar an mhéid oibre atá i gceist le reáchtáil na scoile agus ar an dóigh a gcuireann gach ball de phobal na scoile leis an obair seo.

Smaoineamh ar cén dóigh ar chóir do dhaoine caitheamh linn mar bhaill de phobal na scoile agus ar cén dóigh ar chóir dúinn féin caitheamh le daoine eile. Plé a dhéanamh ar dhóigheanna ar féidir linn obair níos éifeachtaí a dhéanamh le chéile le rud áirithe faoin scoil a fheabhsú, mar shampla, iompraíocht sa chlós. Dóigheanna a mholadh leis seo a fheabhsú, mar shampla, cluichí clóis a imirt le daltaí níos sine, trealamh a úsáid de réir uainchláir agus pleananna gníomhaíochta a chur le chéile.

Bain úsáid as na ceannteidil; Cothrom, Cairdiúil, Cuidiúil, Ciallmhar, smaoinigh ar rialacha na scoile agus ar an dóigh a léiríonn siad na tréithe sin. Bain úsáid as Ceacht 3 in 'Suas Linn' le rialacha agus cothromas sa seomra ranga a fhiosrú níos doimhne.

Machnamh a dhéanamh ar an cheist 'Cén dóigh a ndéanaimid féiniúlacht na scoile a cheiliúradh?' Na siombailí a bhaineann le féiniúlacht na scoile a liostú, mar shampla, suaitheantas, amhrán agus éide na scoile. Dearbháin a dhearadh agus bogearra TFC amhail 'Lorg Lapa' in úsáid acu. Na dearbháin a thabhairt do dhaoine le buíochas a ghabháil leo as an obair (dá laghad/mhéad í) a dhéanann siad ar son na scoile.

Cairde Cléibh

Cuspóirí Molta Foghlama

- A bheith eolach ar na tréithe a bheadh ag cara maith.
- Cuid de na rudaí a mbíonn tionchar diúltach acu ar mhothúcháin daoine eile aithint.
- Dóigheanna a aimsiú le coimhlint a laghdú, a sheachaint nó a réiteach.

Gníomhaíochtaí Molta

Milly, Molly agus Áinle a léamh leis an rang. Plé a dhéanamh ar na fáthanna a raibh Milly agus Molly ag iarraidh bheith mór le hÁinle. Ransú smaointe a dhéanamh, mar rang, ar na tréithe a bheadh ag cara maith agus iad a thaifeadadh ar chártaí aonair. Plé a dhéanamh ina ngrúpaí agus na tréithe a bhaineann le cara maith a chur in ord tábhachta. An liosta a chur i láthair an ranga agus an t-ord deiridh a phlé mar rang.

Na cineálacha d'iompraíocht mhíchairdiúil is mó a chuireann isteach ar na páistí a shainaithint. Plé leo mar 'focail ghéara', rudaí a dhéanann nó a deir daoine ar mhaithe le brón a chur orainn. Plé a dhéanamh ar an dóigh ar féidir leis na rudaí a deirimid agus a dhéanaimid daoine a spreagadh nó goilleadh orthu. Na focail ghéara i scéal nó i sliocht as clár teilifíse nó scannán a shainaithint. Iad a chur i gcomparáid leis an liosta a rinne an rang.

Cód seomra ranga a phlé agus a chumadh, mar shampla:

- Má chuireann duine isteach orm, iarraim air/uirthi éirí as. Deirim leis/léi cad chuige.
- Má chuirim féin isteach ar dhuine, éistim leis/léi má iarrann sé/sí orm éirí as.

Rólghlacadh a dhéanamh lena fháil amach cé acu a oibríonn an cód nó nach n-oibríonn. Plé a dhéanamh ar na rudaí a d'fhéadfadh an rang a dhéanamh lena chinntiú go n-oibreoidh sé an chuid is mó den am.

fócas

Forbróidh páistí braistint féiniúlachta agus aithneoidh siad gur gné thábhachtach dá saol í an scoil. Beidh siad eolach ar ghnéithe éagsúla de shaol na scoile, san am i láthair agus san am a chuaigh thart.

An Domhan Thart Orainn

- athrú thar am
- suíomh
- idirspleáchas

Na hEalaíona

Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

Corpoideachas

Cad é atá Speisialta faoin Scoil Seo Againn?

Cuspóirí Molta Foghlama

- A bheith eolach ar éagsúlacht teanga agus cultúir.
- Tuiscint a bheith acu ar chineálacha eile scolaíochta.
- Eolas a chur ar an ilteangachas, an dátheangachas go háirithe.

Gníomhaíochtaí Molta

Na háiteanna agus na cásanna inar féidir Gaeilge a labhairt agus na daoine a labhraíonn siad leo í a aimsiú. Na háiteanna agus na cásanna ina labhraítear Béarla agus na daoine a labhraíonn siad Béarla leo a aithint. Úsáid a bhaint as bogearraí amhail Map Detectives le léarscáil a tharraingt den cheantar áitiúil, ag baint úsáid as eochair leis na háiteanna inar féidir Gaeilge a labhairt a léiriú. Labhair faoin Ghaeilge sa bhaile; an bhfuil páistí ar bith ann a labhraíonn a dteaghlach i nGaeilge an t-am ar fad, páistí a bhfuil Gaeilge ag duine dá dtuismitheoirí nó deartháir/deirfiúr. An bhfuil teanga ar bith eile ag duine ar bith? Cá háit a mbaineann siad úsáid astu?

Gnó nó eagraíocht a bhaineann úsáid as an Ghaeilge a aimsiú agus turas ranga a eagrú go dtí an láthair acu. Agallamh a chur ar oibrithe atá ag obair in earnáil na Gaeilge faoi úsáid na Gaeilge. Déan ransú smaointe ar shuíomhanna eile inar mhaith leis na páistí a bheith in inmhe Gaeilge a úsáid.

Úsáid a bhaint as leithéidí Tonnta nó Learning NI lena fháil amach cad é a theagasctar i scoileanna eile ó thuaidh agus ó dheas. Cuir topaicí i gcomparáid idir gaelscoileanna agus scoileanna an Bhéarla. Déan naisc le gaelscoileanna agus scoileanna an Bhéarla tríd an ríomhphost nó físchomhdháil agus fiosraigh na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí eatarthu. Fiosraigh cá huair a thosaíonn gaelscoileanna eile ar staidéar an Bhéarla.

Scoileanna i dtíortha eile na hEorpa a fhiosrú agus fáil amach cad iad na teangacha a labhraíonn siad agus cá huair a thosaíonn siad ar an fhoghlaim. Foghlaim an dóigh le cuntas a dhéanamh ó 1-10 i dteangacha eile agus sainaithin na cosúlachtaí agus héagsúlachtaí.

Cén Chuma atá ar an Scoil Seo Againn?

Cuspóirí Molta Foghlama

- A bheith eolach ar phríomhghnéithe na scoile agus an cheantair áitiúil.
- Cosúlachtaí agus éagsúlachtaí a shainaithint idir scoileanna áitiúla agus scoileanna i dtíortha eile.
- Eolas a chur ar a gceantar.
- Fuaimeanna na scoile a aithint.
- Cúiseanna agus iarmhairtí a bhaineann le hathruithe sa timpeallacht áitiúil a aithint.

Gníomhaíochtaí Molta

Príomhghnéithe na scoile a fhiosrú, mar shampla, an líon seomraí agus an fheidhm atá le gach seomra. Ransú smaointe a dhéanamh ar na dóigheanna a n-úsáidtear leictreachas ar scoil. Seoladh na scoile agus ainmneacha roinnt sráideanna thart ar an scoil a fháil amach. Gnéithe den scoil a bhreathnú, cur síos a dhéanamh orthu agus iad a tharraingt. Na príomhghnéithe amhail na doirse, na fuinneoga, an díon agus na seomraí a lipéadú. Bogearra TFC amhail 'Map Detectives' nó 'Designer' a úsáid le hamharc anuas den seomra ranga a dhéanamh. Turas gearr tríd an scoil a phleanáil do ghléas in-ríomhchláraithe amhail Roamer. Na fuaimeanna a shainaithint agus iad ag gluaiseacht thart faoin scoil.

Na rudaí is féidir leo a fheiceáil agus iad ag amharc amach ar fhuinneog an tseomra ranga a scrúdú agus a fhiosrú. Plé agus taighde a dhéanamh ar dhóigheanna a bhféadfaí tailte na scoile a fheabhsú, mar shampla, boscaí bruscair nó tuilleadh áiseanna súgartha.

Samhail de bhall trealaimh clóis a dhearadh agus a dhéanamh, mar shampla, fráma dreapadóireachta.

Colláis ollmhór a dhéanamh as cruthanna teisilithe, agus gach cruth a úsáid leis na rudaí maithe faoin scoil a léiriú.

Cé atá ag Obair sa Scoil Seo Againn?

Cuspóirí Molta Foghlama

- Poist agus róil na ndaoine a chuidíonn linn ar scoil a shainaithint.
- A bheith eolach ar chuid de na hearraí agus seirbhísí a úsáideann an scoil.

Gníomhaíochtaí Molta

Fáil amach cé a chuidíonn linn ar scoil. Cén post atá acu? Pleananna a úsáid lena fháil amach cén chuid den scoil ina mbíonn siad ag obair.

Na rudaí atá de dhíth orthu lena bpost a dhéanamh agus na rudaí a thaitníonn/nach dtaitníonn leo faoina gcuid oibre a fháil amach trí agallamh a chur orthu agus é a thaifeadadh.

Ceamara digiteach a úsáid le grianghraif a ghlacadh agus lipéid, nótaí nó bolgáin chainte a chur leo leis na rudaí a deir siad faoina bpost a chur in iúl.

Bogearra TFC amhail 'My World 3' nó 'Slideshow' a úsáid le taispeántas a dhéanamh.

Taighde a dhéanamh ar tháirge a úsáidtear ar scoil agus an turas táirge a fhiosrú (ón ionad tionscnaimh go ceannscríbe).

Na cuairteoirí éagsúla a thagann chun na scoile a fhiosrú, mar shampla, na póilíní, an bhriogáid dóiteáin, nó an tseirbhís otharcharranna.

Iarraidh ar roinnt cuairteoirí labhairt faoina róil agus faoina bhfreagrachtaí.

Na rudaí a bhfuil siad maith acu ar scoil agus na rudaí a d'fhéadfadh siad a fheabhsú a phlé ag am ciorcail.

Machnamh a dhéanamh ar cé acu post is mó a thaitneodh leo agus cad chuige.

Mise agus an Scoil

Cuspóirí Molta Foghlama

- Imeachtaí a chur ar amlíne.
- Éagsúlachtaí soiléire idir an t-am atá thart agus an t-am i láthair a shainaithint.
- An fáth a roghnaítear ábhair áirithe a thuiscint.

Gníomhaíochtaí Molta

Amlíne phearsanta a dhéanamh a léiríonn na céimeanna éagsúla atá i gceist le saol na scoile. A gcuimhní agus a ngnóthachtálacha a thaifeadadh. Ceisteanna a chumadh lena gcur ar dhaoine níos sine atá muinteartha nó ar iardhalta leis na héagsúlachtaí idir cúrsaí scoile an lae inniu agus cúrsaí scoile san am a chuaigh thart a fhiosrú, mar shampla, an lá scoile, na hábhair, an trealamh, an éide, na rialacha nó cluichí clóis.

Cuairt a thabhairt ar sheanteach scoile, Scoil Bhaile an Dúin i gCúl Trá nó The Causeway School, mar shampla. Déantúsáin ón tseanscoil a bhailiú, a fhiosrú agus a scrúdú. Fáil amach cá huair a osclaíodh a scoil féin más cuí. Cén chuma a bhí uirthi? Cén dóigh ar athraigh sí? Ar fhreastail tuismitheoirí nó múinteoirí ar bith ar an scoil?

Na himeachtaí a bhíonn á gceiliúradh ar scoil le linn gach séasúir a shainaithint agus a chur in ord.

An éide scoile agus na rudaí a thaitníonn/nach dtaitníonn leis an rang a phlé. Éide scoile nua a dhearadh. Plé a dhéanamh ar na hábhair a bheadh in úsáid acu.

An ríomhphost nó eTwinning a úsáid le teagmháil a dhéanamh le daltaí scoile i dtír éigin eile. Na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí idir an dá scoil a chur i gcomparáid.

Cén Dóigh a mBainim an Scoil Amach?

Cuspóirí Molta Foghlama

- Éagsúlachtaí soiléire idir an t-am atá thart agus an t-am i láthair a shainaithint.
- A bheith eolach ar na dóigheanna leis an bhóthar a thrasnú go sábháilte.

Gníomhaíochtaí Molta

Plé a dhéanamh ar an dóigh a mbaineann na páistí sa rang an scoil amach agus seo a chur i gcomparáid leis an dóigh ar ghnách le daoine taisteal ar scoil san am a chuaigh thart.

Na rudaí a fheiceann siad ar a mbealach chun na scoile a phlé. Bogearra TFC amhail 'Counting Pictures' nó 'Starting Graph' a úsáid le hanailís a dhéanamh ar an eolas seo agus lena chur i láthair.

Guaiseacha tráchta a shainaithint ar an bhealach chun na scoile agus plé a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfaí iad a réiteach. Labhairt faoin chontúirt a bhaineann le bóithre a thrasnú nuair a bhíonn sé dorcha. Machnamh ar úsáid ábhar frithchaiteach ó thaobh na sábháilteachta de.

Cad iad na hÁbhair a Úsáidimid ar Scoil?

Cuspóirí Molta Foghlama

- A bheith eolach ar an réimse ábhar a úsáidtear ar scoil agus ar cad chuige ar roghnaíodh iad.
- A bheith ábalta éagsúlachtaí soiléire idir an t-am atá thart agus an t-am i láthair a shainaithint.
- A bheith eolach ar an dóigh a dtéann na meáin chumarsáide i bhfeidhm ar ár dtuairimí, ár roghanna agus ár gcinntí pearsanta.

Gníomhaíochtaí Molta

Plé a dhéanamh ar na hábhair éagsúla a úsáidtear ar scoil agus iad a rangú agus a thaifeadadh mar rang. Díriú ar ghné amháin a bhaineann leis an scoil agus an réimse ábhar atá i gceist a fhiosrú, málaí scoile mar shampla. An fáth ar roghnaíodh na hábhair seo a phlé agus a fhiosrú, mar shampla, déantar málaí scoile as canbhás tiubh nó leathar le go mbeidh siad in ann cuid mhór leabhar a iompar, úsáidtear ábhar frithchaiteach in amanna le go mbeidh sé níos fusa páistí a fheiceáil ar mhaidineacha dorcha.

An dóigh ar athraigh málaí scoile (nó rud ar bith eile a bhaineann le saol na scoile) le himeacht ama a fhiosrú. Amharc ar na málaí scoile éagsúla sa seomra ranga agus na sonraí a thaifeadadh. Meáchain na málaí scoile a chur i gcomparáid lena chéile. Machnamh a dhéanamh ar an dóigh a dtéann na meáin chumarsáide i bhfeidhm orthu agus mála scoile á roghnú acu (ainm branda, stíl, dath). Mála scoile idéalach a dhearadh agus áiseanna traidisiúnta nó digiteacha a úsáid le póstaer fógraíochta a dhéanamh.

fócas

Forbróidh páistí braistint féiniúlachta agus aithneoidh siad gur gné thábhachtach dá saol í an scoil. Beidh siad eolach ar ghnéithe éagsúla de shaol na scoile, san am i láthair agus san am a chuaigh thart.

Corpoideachas

- sláinte agus gníomhaíocht choirp
- cluichí clóis
- sealaíocht, comhroinnt agus comhoibriú

Na hEalaíona

Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

An Domhan Thart Orainn

Craic sa Chlós

Cuspóirí Molta Foghlama

- An tábhacht atá le gníomhaíocht choirp a aithint.
- Na dóigheanna ar féidir leo a bheith gníomhach a thuiscint.
- A bheith in ann gluaiseacht go sábhailte ar dhóigheanna éagsúla.
- A bheith in ann trealamh agus áiseanna éagsúla a úsáid.
- A bheith ábalta gnáthaimh a bhfuil sealaíocht, comhoibriú agus comhroinnt i gceist leo a fhorbairt.

Gníomhaíochtaí Molta

Ceisteanna a chur mar obair bhaile ar thuismitheoirí agus ar sheantuismitheoirí maidir leis na cluichí ba ghnách leo féin a imirt i gclós na scoile. Iad seo a roinnt leis an rang agus cuid acu a theagasc dá chéile. Na cluichí a imrítear go fóill a aithint agus smaoineamh ar cad chuige a dtaitníonn siad le daoine, mar shampla, cleas na bacóide, cluichí scipeála.

Roinnt cluichí clóis a fhoghlaim agus a chleachtadh, mar shampla, cleas na bacóide, cluichí scipeála/bois agus rainn, 'Soilse Tráchta', 'Cad é an t-am é, a mhac tíre?', 'An Madadh agus an Chnámh'. 'Queenie', cluichí le liathróid bheag, cluichí fáinne. Úsáid a bhaint as an mharcáil atá ar an chlós cheana.

Na páistí a spreagadh leis na cluichí seo a imirt ag am sosa agus ag am lóin. Roinnt grianghraf a ghlacadh le ceamara digiteach agus taispeántas ranga a dhéanamh. Na rudaí a scríobh/tharraing na páistí maidir leis na cluichí a d'imríodh a dtuismitheoirí agus a seantuismitheoirí a chur ar taispeáint, chomh maith leis na cluichí a imríonn siad féin, treoracha le cluichí áirithe a imirt agus na rialacha a bhaineann leo.

An tábhacht atá le gníomhaíocht choirp, le sláinte mhaith agus le bheith gníomhach ar bhonn laethúil a phlé. Cén dóigh a mbeadh sé ina chuidiú againn cuid de na cluichí seo a imirt ag am sosa agus ag am lóin? Má spreagtar páistí le gníomhaíocht choirp a dhéanamh agus má chuirtear trealamh ar fáil dóibh, forbróidh siad na scileanna a bheidh de dhíth orthu le bheith gníomhach sa bhaile ina gcuid ama féin.

Ar chúiseanna sábháilteachta, b'fhéidir go mbeadh ort cuid áirithe den chlós súgartha a scaradh ón chuid eile le trealamh a úsáid/cluichí a imirt ann, mar shampla, cluichí reathaíochta/seilge. D'fhéadfá daltaí Rang 7 a úsáid mar mhaoir chlóis leis an trealamh a leagan amach roimh am sosa/lóin agus a bhailiú ina dhiaidh. D'fhéadfá uainchlár a úsáid le go mbeidh deis ag na daltaí uilig an trealamh a úsáid am éigin le linn na seachtaine.



Cur le Forbairt Scileanna

Tá deiseanna ann i ngach réimse den SFN seo eispéiris a chur ar fáil do na daltaí a bheidh ina gcuidiú acu na scileanna a bhaineann le Cumarsáid, Úsáid na Matamaitice, Úsáid TFC agus Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta a fhorbairt.

Cumarsáid

- Stór focal atá ag dul i méid a úsáid le smaointe, mothúcháin agus eispéiris a phlé agus a chur in iúl.
- Faisnéis a shórtáil agus a bhailiú ar dhóigheanna éagsúla.
- Smaointe a eagrú ar bhealach cuí simplí.
- Freagairt d'ábhair léitheoireachta agus tosú ar thuairimí a thabhairt.
- Labhairt faoina bhfuil déanta acu agus fáthanna a thabhairt lena roghanna.
- A bheith páirteach i ngníomhaíochtaí comhpháirteacha scríbhneoireachta le comhshaothar a tháirgeadh.
- Tosú ar an mhodh chuí a úsáid agus tuiscint ar struchtúr agus ar leagan amach a léiriú.

Úsáid na Matamaitice

- Labhairt faoin fhaisnéis a chaithfear a bhailiú.
- Dóigheanna a mholadh le faisnéis a thaifeadadh.
- Faisnéis a bhaineann le hábhar ar leith a bhailiú agus torthaí a thaifeadadh ar dhóigheanna éagsúla, úsáid TFC san áireamh.
- Modhanna cuí matamaiticiúla a roghnú agus a úsáid (le cuidiú ón mhúinteoir) le torthaí a chur i láthair.
- Dóigheanna éagsúla a fhiosrú le rudaí a shórtáil.
- Modhanna pearsanta a úsáid le torthaí a thaifeadadh/faisnéis a chur i láthair.
- Gluaiseacht agus treo a fhiosrú agus tuiscint a léiriú ar an dóigh ar féidir uillinn a úsáid le casadh a thomhas. É seo a dhéanamh ar bhealaí éagsúla, úsáid TFC san áireamh.

Úsáid TFC

- Téacs a chlóscríobh agus eagarthóireacht a dhéanamh air ar scáileán le smaointe a chur in iúl agus a fhorbairt.
- Íomhánna nó fuaimeanna cuí a roghnú agus téacs agus/nó guthú a chur leo.
- Faisnéis ó fhoinse dhigiteach áirithe a aimsiú, a roghnú agus a úsáid.
- Sonraí a bhailiú agus a iontráil, iad a chur i láthair i bhfoirm ghrafach agus breathnadóireacht a dhéanamh.
- Sraith treoracha a chur i gcrích agus eagarthóireacht a dhéanamh orthu, agus gléasanna nó timpeallachtaí digiteacha in úsáid acu.

Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta

Eolas a Bhainistiú:
Ceisteanna níos doimhne agus níos fairsinge a chur leis an tasc a shoiléiriú, le pleanáil a dhéanamh agus le spriocanna a leagan amach. Tuiscint a léiriú ar spriocghrúpa agus ar chuspóir. Modhanna a fhorbairt le heolas a bhailiú agus a thaifeadadh agus le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn taisc.

Smaointeoireacht, Fadhbréiteach agus Cinnteoireacht:
Patrúin agus gaolta a shainaithint. Modhanna, tuairimí agus tátail a mhíniú agus seasamh leo. Tuartha a dhéanamh agus a thástáil. Nasc a dhéanamh idir cúiseanna agus iarmhairtí féideartha. Idirdhealú a dhéanamh idir fíric agus tuairim. Níos mó ná dearcadh amháin a thuiscint. Roghanna a fhiosrú agus buntáistí agus míbhuntáistí a mheas. Réitigh mhalartacha agus cineálacha malartacha cur chuige a thriail.

A Bheith Cruthaitheach:
Rudaí a thriail ar dhóigh shúgrach. Fadhbanna a chuardach agus dúshlán an mhodha ghnáthaimh a thabhairt. Na deiseanna a éiríonn as meancóg nó teip a thapú. Tógáil ar a gcuid smaointe agus eispéireas féin agus ar smaointe agus taithí daoine eile, agus na céadfaí uilig in úsáid acu. Dearaí, gníomhaíochtaí agus torthaí éagsúla a thriail. Meas a léiriú ar smaointe daoine eile.

Ag Obair le Daoine Eile:
A bheith ag éirí neamhspleách. Aiseolas a thuiscint agus freagairt dó. A bheith freagrach as tascanna agus as róil i ngrúpaí. A bheith ag obair le comhaontuithe a bhaint amach agus ag tosú ar easaontuithe a bhainistiú.

Féinbhainistiú:
A bheith féinstiúrtha trí bheith ag obair leo féin. A bheith ag obair i dtreo spriocanna pearsanta a bhaint amach. Measúnú a dhéanamh ar a bhfuil foghlama acu agus a gcur chuige a chur i gcomparáid le cur chuige daoine eile. Na dóigheanna a dtiocfadh lena gcuid foghlama a bheith mar an gcéanna/éagsúil i gcomhthéacsanna éagsúla a shainaithint.

Áiseanna Molta

Áiseanna Digiteacha

Bogearraí TFC

Compose World Junior – ESP

Counting Pictures – Blackcat

Designer – Blackcat

The Map Detectives – Sherston

My World 3 – Dial Solutions

Lorg Lapa – Blackcat

Pioc Pictiúr – Blackcat

PowerPoint – Microsoft

Roamerworld – Valiant

Seó Sleamhnán – Blackcat

Starting Graph – Research Machines

SwitchClicker 4 – Crick

Talking First Word – Research Machines

Suíomhanna Gréasáin Molta

British Heart Foundation
www.bhf.org.uk

Irish Council of Churches
www.irishchurches.org

National Museums and Galleries of Northern Ireland
www.magni.org

One World Centre – Citizenship
www.bigpic.biz

Ulster Folk and Transport Museum
www.uftm.org.uk

UNESCO
www.unesco.org

Youth Sport Trust
www.youthsporttrust.org

Suas Linn
www.liftoffschools.com

Culture Online
www.playgroundfun.org.uk

Comenius
www.eTwinning.net

Áiseanna Traidisiúnta

Leabhair/Ábhair Theagaisc

Active School Resource Pack
Active School Resource Pack
(British Heart Foundation: 2001)

Is Gaisteoir í mo Mhúinteoir
M Duke (An tÁisaonad: 2008)

Maighréad agus an Foghlaí Mara
S Cannon (An Gúm: 2008)
ISBN 9781857917222

Milly, Molly agus Áinle
G Pittar (Caroll Education: 2006)
ISBN: 11844500667

Warming Up and Cooling Down
J Harris agus J Elbourn (Human Kinetics Group Europe: 2002) ISBN: 0736038787

Áiseanna Closamhairc (Téacsanna Meáin)

Cluichí Clóis
DVD de cuid COGG (Agtel: 2010)

Eagraíochtaí

Teagmhálacha Úsáideacha	Áiteanna ar Fiú Cuairt a Thabhairt Orthu
	Scoil Bhaile an Dúin Músaem Daonchultúir agus Iompair Uladh Ard Mhic Nasca Co. An Dúin BT18 0EU Teil: (028) 9042 8428 Daonpháirc Uladh-Mheiriceá Baile an Chaisleáin An Ómaigh Co. Thír Eoghain Áirithintí Oideachais/Grúpa Teil: (028) 8225 6320

Tugtar faoi deara gurb iad na háiseanna thuasluaite na háiseanna a mhol na múinteoirí a bhí páirteach i bhforbairt an SFN seo. Bhí na suíomhanna molta beo nuair a cuireadh an áis seo i gcló.

Foilseachán de chuid CCEA © 2010

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT**
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

Rewarding Learning